Foilsiú teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach a fhormheas ar an tsonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(2022/C 374/10)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún [1].

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE LEASÚ CAIGHDEÁNACH AR AN DOICIMÉAD AONAIR

"Bandol"

PDO-FR-A0485-AM01

Dáta teachtaireachta: 7 Iúil 2022

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS

1. **Limistéar geografach**

Leasaíodh an tsonraíocht le haghaidh an tsonrúcháin "Bandol" i gCaibidil I, Roinn IV(2) [sic], "Réimsí agus áiteanna ina ndéantar na hoibríochtaí éagsúla", pointe (1) "Limistéar geografach" chun an tagairt do Chód Geografach Oifigiúil 2020 a áireamh, lena n-aithnítear agus lena liostaítear na bardais de réir roinne ar an leibhéal náisiúnta. Leis an leasú eagarthóireachta sin, ligtear don limistéar geografach a bheith aitheanta le tagairt do leagan 2020 den Chód Tíreolaíoch Oifigiúil, a choinníonn an Institiúid Náisiúnta Staidrimh agus Staidéar Eacnamaíoch (INSEE) cothrom le dáta agus a thugann deimhneacht dhlíthiúil don sainiú ar an limistéar geografach.

"(1) — Limistéar geografach

Gach céim den táirgeadh, ó bhuain na bhfíonchaor, fíon a dhéanamh, cóiriú agus aibiú, tarlaíonn siad sa limistéar geografach, i gcríoch na mbardas a leanas de roinn Var, bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil 2020: Bandol, Le Beausset, La Cadière-d'Azur, Le Castellet, Evenos, Ollioules, Sanary-sur-Mer agus Saint-Cyr-sur-Mer".

Sa doiciméad aonair, bíonn an leasú seo le feiceáil faoi "Limistéar geografach críochaithe".

2. **Limistéar dáileachta críochnaithe**

Leasaíodh an tsonraíocht le haghaidh an tsonrúcháin "Bandol" i gCaibidil I, Roinn IV(2), "Réimsí agus áiteanna ina ndéantar na hoibríochtaí éagsúla", pointe (2) "Limistéar dáileachta críochaithe", chun dátaí formheasa ag an údarás náisiúnta a chur leis le haghaidh dáileachtaí atá oiriúnach chun fíonchaora an tsonrúcháin a tháirgeadh.

Ní dhéanann an ghné bhreise sin difear don doiciméad aonair.

3. **Treorú fíniúna - Uisciú**

Leathnaíodh Caibidil I den tsonraíocht le haghaidh an tsonrúcháin "Bandol" i Roinn VI, "Treorú fíniúna", agus an tríú pointe lena n-údaraítear uisciú curtha leis.

Cuireadh úsáid uiscithe leis an doiciméad aonair faoi "Cleachtais fíonóireachta".

4. **Dáta cúrsaíochta fíonta idir trádstórais údaraithe**

Leasaíodh an tsonraíocht i gCaibidil I, Roinn IX, "Próiseáil, cóiriú, aibiú, pacáistiú, stóráil", ag (5)(b) chun dátaí a scriosadh lena mbunaítear an tréimhse nach féidir leis na fíonta a bheith i gcúrsaíocht idir ceannaithe agus trádálaithe sula gcuirfear ar fáil iad lena gcaitheamh. Is é is cuspóir leis sin ligean do na fíonta a bheith i gcúrsaíocht idir na hoibreoirí uile agus aon riosca go mbeadh iomaíocht éagórach ann a bhaint.

Ní dhéanann an scrios sin difear don doiciméad aonair.

[1] IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

5. **Bearta idirthréimhseacha**

Leasaíodh an tsonraíocht le haghaidh an tsonrúcháin "Bandol" i gCaibidil I, Roinn XI, "Bearta idirthréimhseacha", chun (1) agus (3) maidir leis na bearta idirthréimhseacha nach bhfuil infheidhme a thuilleadh a scriosadh. Le pointe (1), bunaíodh codanna de na cineálacha difriúla fíonchaor: Mourvèdre suas le buaint 2014, agus Clairette agus Sauvignon go dtí buaint 2011.

Ní dhéantar difear don doiciméad aonair leis an bhforáil sin.

Le pointe (3), bunaíodh an 1 Eanáir 2013 mar an dáta ar a dtiocfaidh an toirmeasc ar úsáid brúiteoirí caidéil i bhfeidhm. Ní dhéanfar difear don doiciméad aonair le baint an dáta seo ós rud é go bhfuil an toirmeasc sin le feiceáil sa doiciméad aonair faoi "Cleachtais fíoneolaíochta shonracha".

6. **Na príomhphointí atá le seiceáil**

Nuashonraíodh an tábla i gCaibidil III den tsonraíocht chun na pointí den tsonraíocht atá le seiceáil a áireamh.

Ní dhéanann an nuashonrú sin difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm(neacha)**

Bandol

2. **Cineál táisc gheografaigh**

STFC – Sonrúchán Tionscnaimh Faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dTáirgí fíniúna**

1. Fíon

4. **Tuairisc ar an bhFíon nó ar na fíonta**

1. *Tuairisc anailíseach ar na táirgí*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Is fíonta socra dearga, rosé nó geala iad fíonta an tsonrúcháin "Bandol".

Bíonn neart alcóil nádúrtha íosta de 11,5 % de réir toirte ag na fíonta geala agus rosé.

Bíonn neart alcóil nádúrtha íosta de 12 % de réir toirte ag na fíonta dearga.

Tráth an phacáistithe, is é 0,4 ghram in aghaidh an lítir uasmhéid aigéid mhalaigh fíonta dearga.

Tar éis iad a choipeadh, bíonn cion uasta siúcra choipigh (glúcós agus fruchtós) sna fíonta mar a leanas:

— fíonta geala agus rosé - 3 ghram in aghaidh an lítir

— fíonta dearga ag a bhfuil neart alcóil nádúrtha uasta de 14 % de réir toirte - 3 ghram in aghaidh an lítir,

— fíonta dearga ag a bhfuil neart alcóil nádúrtha níos mó ná 14 % de réir toirte - 4 ghram in aghaidh an lítir.

Comhlíonann na fíonta na critéir anailíseacha a bhunaítear i reachtaíocht Eorpach.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomláin uasta (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt)	
Aigéadacht iomlán íosta	

Aigéadacht luaineach uasta (ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (ina milleagraim in aghaidh an lítir)	

2. *Tuairisc orgánaileipteach ar na táirgí*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Is gá na fíonta dearga a aibiú. Is táirgí ísealtoraidh iad ó fhíniúna os cionn 7 mbliana d'aois. Tosaíonn na fíonta ag forbairt le linn na 18 mí a chaitheann siad i mbairillí adhmaid, na *foudres* a mbíonn cruth ubhchruthach mór orthu de ghnáth. Ní mór gurb ionann 50 % ar a laghad den mheascán cineálacha fíonchaoire a úsáidtear agus Mourvèdre N. Tugtar saintréithe do na fíonta leis: tá siad cumhachtach, tathagach, tainneach agus is féidir iad a choinneáil ar feadh tréimhse fada.

Is mó ná riamh an tóir atá ar na fíonta rosé. Déantar iad trí bhrú díreach, maothú gearr nó an modh *saignée*, agus bíonn dath rós-bhándearg orthu. Ní mór gurb ionann 20 % ar a laghad de na fíonchaora a úsáidtear agus Mourvèdre N, is minic go mbíonn an figiúr idir 30 % agus 40 %. Tugtar struchtúr sonrach do na fíonta leis an gcineál seo. Níos tainní ná fíonta rosé eile Provence, bíonn beagán níos mó ama ag teastáil uathu chun forbairt ach is féidir iad a choinneáil ar feadh tréimhse níos faide.

Déantar na fíonta geala go príomha as Clairette B: 50 % ar a laghad de na fíonchaora a úsáidtear. Bíonn dath éadrom na tuí ar na fíonta agus baineann bolaithe bláthacha leo. Tá an táirgeadh níos srianta ná mar atá i gcás na bhfíonta dearga agus rosé. Mar sin féin, cuireann siad le híomhá agus cothromaíocht an tsonrúcháin tionscnaimh chláraithe.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomláin uasta (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt)	
Aigéadacht iomlán íosta	
Aigéadacht luaineach uasta (ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (ina milleagraim in aghaidh an lítir)	

5. **Cleachtais fíonóireachta**

5.1. *Cleachtais fíoneolaíochta shonracha*

1.

An modh saothraithe

— Is é 5 000 planda in aghaidh an heicteáir dlús plandála íosta na bhfíniúnacha. Níor cheart an spásáil idir na línte fíniúna a bheith níos mó ná 2,50 méadar.

— Níor cheart don limistéar atá ar fáil le haghaidh gach planda a bheith níos mó ná 2,5 mhéadar cearnach. Faightear an t-achar dromchla sin tríd an spásáil idir na línte a iolrú faoin spásáil idir na plandaí.

— Mar sin féin, ceadaítear spásáil uasta de 2,5 mhéadar idir fíniúnacha a chuirtear ar léibhinn idir barr gach bruach léibhinn (nó balla léibhinn), agus an chéad sraith plandaí ar an léibheann thuas, agus ceadaítear an spásáil chéanna idir bun an bhruaigh agus an chéad sraith ar an léibheann thíos.

— Déantar prúnáil mheasctha ar na fíniúnacha (ag úsáid an mhodh cuachphrúnála nó cordon de Royat), agus 8 mbachlóg ar a mhéad in aghaidh an phlanda i gceist. Bíonn dhá bhachlóg ar a mhéad ar gach spor.

— Is féidir prúnáil a dhéanamh ar na fíniúnacha os cionn 30 bliain d'aois agus 12 bhachlóg ar a mhéad in aghaidh an phlanda i gceist.

— Tarlaíonn an phrúnáil roimh an 1 Bealtaine.

— Déantar na fíonta as fíonchaora a bhuantar de láimh. Iompraítear na triopaill fíonchaor go dtí an fhíonlann agus iad slán.

— Uisciú: I gcomhréir le hAirteagal D. 645-5 den Chód um Ghnóthaí Tuaithe agus um an Iascaireacht Mhuirí', ní cheadaítear uisciú le linn an tséasúir fáis ach amháin má chuireann triomach leanúnach isteach ar fhorbairt fhiseolaíoch cheart na bhfíniúnacha agus ar aibiú na bhfíonchaor.

2.

Cleachtas fíoneolaíochta sonrach

— Toirmisctear aon chóireáil teasa ar bhuain na bhfíonchaor ag teocht os cionn 40 °C.

— Toirmisctear úsáid sliseanna adhmaid.

— Maidir le fíonta rosé a dhéanamh, ceadaítear úsáid a bhaint as gualach fíoneolaíochta le haghaidh na n-úrfhíonta agus na bhfíonta óga fáiscthe atá fós faoi choipeadh, laistigh de theorainn de 10 % de thoirt na bhfíonta rosé arna ndéanamh ag saothróir fíona ainmnithe le haghaidh buainte sonraí, ag uasmhéid de 60 gram in aghaidh an heictilítir.

— Toirmisctear saibhriú go hiomlán.

— Toirmisctear umair choipthe leanúnacha, na fáscaí leanúnacha, díloirgeoirí lártheifeacha, deighilteoirí de chineál scriú níos lú ná 750 milliméadar i dtrastomhas, agus brúiteoirí caidéil tiomáinte le loine a úsáid.

Leis na cleachtais fíonóireachta a ndéantar dá réir, ní mór rialacha an Aontais agus an Chóid Tuaithe agus Iascaireachta Muirí a chomhlíonadh, mar aon leis na forálacha thuas.

5.2. *Uastáirgeacht*

1.

40 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Gach céim den táirgeadh, ó bhuain na bhfíonchaor, fíon a dhéanamh, cóiriú agus aibiú, tarlaíonn siad sa limistéar geografach, i gcríoch na mbardas a leanas de roinn Var, bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil 2020: Bandol, Le Beausset, La Cadière-d'Azur, Le Castellet, Evenos, Ollioules, Sanary-sur-Mer agus Saint-Cyr-sur-Mer.

7. **Cineál/Cineálacha fíniúna**

Bourboulenc B – Doucillon blanc

Carignan N

Cinsaut N – Cinsault

Clairette B

Grenache N

Marsanne B

Mourvèdre N – Monastrell

Sauvignon B – Sauvignon Blanc

Semillon B

Syrah N – Shiraz

Ugni Blanc B

Vermentino B – Rolle

8. **Tuairisc ar an nasc (na naisc)**

8.1. *Tuairisc ar na tosca nádúrtha is ábhartha don nasc*

Tá an limistéar geografach críochaithe timpeall ar ocht mbardas i roinn Var. Tá sé i gcroílár amfaitéatar nádúrtha an-mhór atá gearrtha amach ag creimeadh agus gníomhaíocht theicteonach a rinne difear do na foirmíochtaí dríodair, carbónáite agus sceire, agus a thug iad chuig an dromchla. Sa chaoi sin, foirmíodh tírdhreach cnocach, dúnta ó thuaidh agus oscailte don Mheánmhuir trí Mhurascaill Bandol.

Leis an topagrafaíocht sin, cruthaítear aeráid Mheánmhara ar leith atá cosanta ón Mistral, an ghaoth fhuar aduaidh atá coitianta in Provence. Foirmithe as cnoic agus bunchnoic, bíonn meánmhéid bliantúil de 3 000 uair an chloig gréine agus 650 milliméadar báistí sa limistéar. Comhlánaítear an aeráid atá fabhrach cheana féin leis an éifeacht mhaolaithe a bhaineann le bheith oscailte don Mheánmhuir, lena maolaítear grian the an tsamhraidh agus lena gcoinnítear bogthaise istoíche. Leis sin, cruthaítear dálaí den scoth le haghaidh aibiú na bhfíonchaor, go háirithe Mourvèdre N. Mar thoradh air sin, is féidir fíonta dearga a tháirgeadh atá oiriúnach lena gcoinneáil i bhfad agus lena n-aibiú i mbairillí adhmaid, chomh maith le fíonta rósé sainiúla. An tráth céanna, tá na dálaí go hiontach freisin le haghaidh an chineáil fíonchaoire Clairette B, lenar féidir fíonta geala struchtúrtha den chéad rogha a tháirgeadh.

Tá na hithreacha is sainiúla sách éadomhain, scothbhán, lag ó thaobh ábhar orgánach de, saibhir ó thaobh gnéithe siliciúla de uaireanta, an-chlochach agus draenáilte go maith i gcónaí, rud a chuireann le cúrsaíocht uisce den scoth.

D'fhág saothrú fíniúnacha agus crann ológ go háirithe a mharc féin ar an tírdhreach, rud atá mar thoradh ar bhuanseasmhacht na bhfeirmeoirí i gcaitheamh na nglún. Leis na céadta blianta, is eol dóibh an tslí is fearr chun fánaí agus cnoic a chur agus clúdach fásúil cosanta á choinneáil ar na harda. Chun an ithir a choimeád faoi smacht agus clocha a ghlanadh as an talamh, tá ballaí cloiche singile do-áirithe tógtha acu, ar a dtugtar "*resstanques*", agus cruthaíodh an tírdhreach sonrach seo leis sin.

8.2. *Tuairisc ar na tosca daonna is ábhartha don nasc*

Sa cheathrú haois BCE, chuaigh na Phocaean i dtír ar na cladaí faoi fhothain a bhí mar choilíneacht "Terroeis" ina dhiaidh sin. Ina n-amfaraí, thug siad sibhialtacht na fíniúna agus an fhíona leo. Faoi Impireacht na Róimhe, thiocfadh "Terroeis" chun a bheith ina "Torrentum", idir bardais Saint-Cyr agus Bandol. Sa lá atá inniu ann tá iarsmaí bailtíní ársa Rómhánacha ag roinnt eastát fíonsaothrúcháin agus tá neart fianaise seandálaíochta ar ghníomhaíochtaí eagraithe fíonsaothraithe iontu: oighinn cré le haghaidh amfaraí, cantaoirí fíona etc.

Is iomaí foinse scríofa lena bhfianaítear gurb ann d'fhás fíniúna fós, agus lena bhfianaítear clú na bhfíonta a tháirgtear. Áirítear orduithe 1363 lena rialaítear cúrsaíocht fíonchaor agus fíona, go dtí na díolúintí ó shrianta ar chur a eisíodh in 1731 i bhfianaise an chineáil tír-raoin agus cháilíocht na bhfíonta a tháirgtear leo. Tá fianaise bhreise ann i bhfoirm ailtireachta agus logainmneacha, amhail Le Vigneret nó La Mourvèdriére.

Mar shampla, ina thráchtas 1827 *Œnologie de la Basse Provence*, rinne Tolozan an nasc idir tírdhreach agus saothrú fíniúnacha: "Tosaíonn réigiún fíona Bandol ag bun sléibhte Cuges agus síneann sé ó dheas, ag críochnú i Murascaill Bandol, atá thart ar 12 chiliméadar ar fhad. Cruthaítear an gleann le sraith dhúbailte de chnoic a shíneann amach ó thiar agus a chumhdaíonn machaire mór Saint-Cyr, a lúbann síos go cladach Murascaill Lecques. [...]Cuirtear fíniúnacha ar na fánaí agus ar na cnoic féin." Mar chruthúnas ar chomhtháthú na hearnála, luaigh an t-údar freisin "Is é Mourvèdre, ar fíonchaor dearg an-dorcha é, an cineál fíonchaoire is coitianta ar fud na háite, agus is é croílár fhíonta Bandol é."

Is léir ó fhianaise na staire go raibh aithne ar na fíonta seo mar fhíonta lena gcoinneáil, ag feabhsú le himeacht ama, go háirithe le linn trasnuithe farraige fada. Go deimhin, i bhfianaise an bhuntáiste a bhaineann le bá faoi fhothain Bandol, iompraíodh fíonta a táirgeadh laistigh den limistéar geografach i mbáid den chuid ba mhó, báid a d'fhan ar ancaire amach ón gcósta. Na bairillí fíona arna lodáil ar bord, brandáladh leis an litir "B" iad.

I saothar ó 1787 maidir le tíreolaíocht Provence agus "the Comté Venaissin, principality of Orange and Comté of Nice" ["Cunta Venaissin, prionsacht Oráiste agus Cunta Nice"] (Imleabhar I, lch 280), deirtear ann :

"Tá ithir Bandol an-tirim agus clochach. Is é príomhtháirge an limistéir é an fíon dearg den cháilíocht is airde, a bhfuil an-tóir air sna hAintillí. Is cinnte gurb é calafort Bandol an calafort is sábháilte agus is áisiúla sa chúige."

Mar chalafort bordála agus mar asraon trádála le haghaidh fhíonta Bandol, bhí cúipéirí ina gcónaí sa chathair féin. Le rún ón gComhairle Bhardasach dar dáta 1818, deimhnítear go ndeachaigh breis agus 6 000 heictilítir fíona trí chalafort Bandol ar a bhealach go dtí an Iodáil, go tuaisceart na hEorpa agus go Meiriceá. Faoi dheireadh na Dara hImpireachta, táirgeadh 80 000 bairille ar a laghad in aghaidh na bliana in Bandol chun thart ar 160 000 heictilítir a stóráil agus a iompar.

Dá bhrí sin, i dteannta leis na táirgeoirí iad féin, is léir ó fhianaise na staire gur dhírigh pobal daonna a saol ar tháirgeadh fíonta.

Rinneadh dochar do na fíonghoirt áitiúla mar gheall ar ghéarchéim Phylloxera. Bhí téarnamh tapa indéanta a bhuí lena stair, lena gclú agus leis an bpobal láidir seo, áfach. Ar an mbealach sin, lean siad leis na nósanna ársa a bhaineann le léibhinn a chur, le modhanna oiliúna agus dlús plandála iomchuí. Bhí na gnáthchineálacha fós á n-úsáid, agus Mourvèdre N á úsáid den chuid ba mhó, agus Grenache N agus Cinsaut N ina dhiaidh sin go háirithe le haghaidh fíonta dearga agus rosé, agus Clairette B, Bourboulenc B agus Ugni Blanc B le haghaidh fíonta geala.

Leis sin, chaomhnaigh an pobal seo a stair, neartaigh sé a fhios gnó agus chuir sé feabhas ar cháil agus ar cháilíocht fhíonta Bandol, a aithnítear mar shonrúchán tionscnaimh cláraithe ón 11 Samhain 1941.

In 2009, bhí 1 580 heicteár faoi fhíonghoirt Bandol, agus táirgeadh meánach bliantúil de 50 000 heictilítear á bhaint amach, arna ndáileadh i measc 3 chomharchumann siléir agus 54 eastát. Is gá na fíonta dearga a aibiú. Is táirgí ísealtoraidh iad, 40 heictilítir ar a mhéad in aghaidh an heicteáir, ó fhíniúna os cionn 7 mbliana d'aois. Tosaíonn na fíonta ag forbairt le linn na 18 mí a chaitheann siad i mbairillí adhmaid, na *foudres* a mbíonn cruth ubhchruthach mór orthu de ghnáth. Ní mór gurb ionann 50 % ar a laghad den mheascán cineálacha fíonchaoire a úsáidtear agus Mourvèdre N. Tugtar saintréithe do na fíonta leis: tá siad cumhachtach, tathagach, tainneach agus is féidir iad a choinneáil ar feadh tréimhse fada.

8.3. *Idirghníomhaíochtaí cúisíocha*

Aeráid na Meánmhara atá ann ag a bhfuil tionchair mhuirí uirthi. Cruthaíonn an topagrafaíocht amfaitéatar nádúrtha atá oscailte don fharraige, ina bhfaightear cosaint ar thionchair na gaoithe agus na teochta aduaidh. Cré agus aolchloch a bhíonn san ithir, agus bíonn sí an-chlochach. Tagann na fachtóirí seo go léir le chéile sa limistéar geografach chun tír-raon agus aeráid a chruthú lena gcruthaítear dálaí den scoth le haghaidh fhíonghort "Bandol". Anseo, aimsíonn an cineál fíonchaoire Mourvèdre N a nideog éiceolaíoch *par excellence*, rud a fhágann go bhféadfaidh sé an aibíocht is fearr a bhaint amach, lena n-áirithítear úrnuacht agus cothromaíocht na bhfíonta.

In 1787, sonraíodh an nasc áirithe seo idir an comhshaol nádúrtha agus saintréithe agus cáilíocht na bhfíonta a tháirgtear cheana féin.

"Aeráid Bandol atá go háirithe séimh agus fothaineach agus an ceantar máguaird is gaire dó; fo-ithir de chré agus aolchloch le cuid mhaith de charbónáit chailciam; dian-fhrithchaitheamh ghathanna na gréine ar na fánaí, atá faoi fhothain ó shioc crua an gheimhridh mar go bhfuil siad díreach in aice leis an bhfarraige; na braoiníní bídeacha uisce farraige saibhrithe le salann agus iaidín in aer an réigiúin seo a bhfuil an-ádh air: cuireann na nithe sin le fíonta an limistéir seo a dhéanamh ina dtáirgí cáiliúla a ndeireadh baird Provence iad a bheith mar ghrian i mbuidéal."

(*La Géographie de la Provence et du Comtat Venaissin*, Achard M., 1787, arna lua ag J.M. Marchandiau in "*Gens et Vins du Bandol*" — 1991.)

Ag léiriú cleachtas bunaithe, cuimsíonn an limistéar dáileachta críochaithe "na hithreacha bochta tipiciúla a bhfuil cáil fhíonta Bandol orthu le fada an lá", agus "ithreacha torthúla agus gláracha na ngleannta, an ghlárach róthorthúil ag bun na gcnoc, na plandálacha péine agus na limistéir choillte" a eisiamh.

Leis an gcríochú seo, is féidir na fíniúnacha a bhainistiú ar an mbealach is éifeachtaí. Tá fuinneamh na bhfíniúnacha agus táirgeacht ionchasach á rialú ag an gcleachtas a bhaineann le táirgeacht íseal ó phrúnáil mheasctha a choinneáil ar bun, agus trí bhainistíocht a dhéanamh ar dhlúis phlandaithe atá oiriúnaithe do na léibhinn thraidisiúnta (*restanques*).

An traidisiún maidir le fíonchaora a bhaint de láimh, a dhéanann saothróirí fíniúna "Bandol" fós sa lá atá inniu ann, cuidíonn sé le húrmhaireacht agus saintréithe na bhfíonghort seo a chaomhnú lena *restanques*.

A bhuí le saineolas táirgthe, ar na dálaí is fearr aibíochta agus ar an ngá stairiúil le hoiriúnacht le haghaidh iompair, tá struchtúr ag fíonta dearga "Bandol" lenar féidir iad a aibiú i mbairillí adhmaid ar feadh tréimhse fada, rud a léiríonn a n-acmhainneacht an-suntasach maidir le tabhairt chun cineáil dá réir sin.

A bhuí le dálaí den scoth an amfaitéatair nádúrtha an-mhór seo atá tiomnaithe d'fhíonsaothrú, bhíothas in ann fios gnó a fhorbairt i measc an phobail táirgeoirí agus tomhaltóirí. Ba nádúrtha dá bhrí sin an fios gnó seo a fheiceáil i bhfeidhm ar tháirgeadh agus meas ar fhíonta rosé agus geala. Cé nach raibh siad seo chomh tábhachtach go stairiúil ná na fíonta dearga, tá cáil mhéadaithe ag teacht orthu.

Leis na cleachtais táirgthe le haghaidh na bhfíonta dearga, ag úsáid fíonchaora Mourvèdre N ó fhíniúnacha atá 8 mbliana d'aois ar a laghad, is féidir an cineál seo a úsáid chun fíonta rosé a tháirgeadh. Trí Mourvèdre N a chur leo, tugtar cuid shuntasach dá bhféiniúlacht do na fíonta rosé.

Is léir go gcuirtear an méid smachta sin agus an nós imeachta teicniúil a éilítear chun fíonta dearga a tháirgeadh i bhfeidhm ar na cineálacha fíonchaor geal. Leis sin, tugtar struchtúr agus cothromaíocht d'fhíonta geala "Bandol" lenar féidir iad a aosú ar bhealach atá sainiúil in Provence.

In 2010, níorbh fhéidir clú Bandol a shéanadh maidir leis na táirgí go léir: bhí stádas na bhfíonta dearga bainte amach ag na fíonta rosé agus geala faoin am sin. Toisc go ndéantar cuid shuntasach dá dhíolacháin lasmuigh den Fhrainc, agus chun críche easpórtála, leis an sonrúchán tionscnaimh cláraithe seo, is féidir meas a bheith ar a tháirgí go forleathan.

9. **Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

I gcás fíonta incháilithe le haghaidh an tsonrúcháin tionscnaimh chláraithe, féadfar aonad geografach níos lú a shonrú ar a lipéid, ar choinníoll gur logainm é atá liostaithe sa chlár talún agus go mbíonn sé le feiceáil ar an dearbhú buainte.

Léirítear an logainm mar atá liostaithe sa chlár talún díreach i ndiaidh ainm an ghabháltais nó an trádmhairc.

Nasc chuig an tSonraíocht táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-b6ff2938-f986-4dc0-bc3f-de1aefad4c1a